| Matamaitic | Cruinniú na Meithle Forbartha #7 26 Márta 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí, Rialachas** | Aontaíodh na miontuairiscí agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **Nuashonruithe agus léargais ón gcomhairliúchán ar an gcáipéis eolais** | Cur i láthair ar roinnt léargais luatha amhail an gá fairsinge an chúrsa a laghdú, tuairimí contrártha maidir le nádúr agus ualú na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, tionchar na bpointí CAO, an gá le líofacht agus tuiscint, agus tacaíochtaí a mholtar le haghaidh forfheidhmiú rathúil. Phléigh an Mheitheal Forbartha go hachomair a thábhachtaí is a bhí cúrsaí ama do mhúinteoirí le go bhféadfadh siad pleanáil a dhéanamh agus comhoibriú lena chéile. |
| **Snáithe Ábhair 2: Athrú agus caidrimh / Calcalas** | Dáileadh cóipeanna den dréacht-snáithe gnáthleibhéil ar chomhaltaí na Meithle Forbartha agus míníodh a raibh le déanamh. Bhris an Mheitheal Forbartha amach i ngrúpaí beaga agus airíodh an méid seo a leanas san aiseolas a thug siad:<br>- Cuireadh béim ar thábhacht na ngraf agus ar a thábhachtaí is atá sé tuiscint a bheith orthu.<br>- Is féidir leibhéil éagsúla tuisceana a shaothrú ar an meánráta athraithe agus tá tuiscint ar theanga mhatamaiticiúil an athraithe an-tábhachtach ag an ngnáthleibhéal chomh maith. Tá sé níos fearr iompar agus rátaí athraithe a thuiscint, ach oireann a bheith ag feidhmiú le teorainneacha leis an gcúrsa ardleibhéil amháin.<br>- Tá sé níos fearr má fhoghlaimíonn an scoláire níos lú topaicí go mion seachas an iomarca topaicí a fhoghlaim ach gan tuiscint fhiúntach aige orthu i gcomhthéacs.<br>- Dearfar an tsonraíocht mar chuid d'eispéireas an scoláire sa tsraith shinsearach. Tháinig moltaí chun cinn maidir le trasfhoirmiú agus cineálacha feidhmeanna, agus pléadh ar cheart athmhachnamh a dhéanamh ar ríomhchlárú líneach, maitrís agus veicteoirí, agus conas a dhéanfaí amhlaidh.<br>- Tá spriocanna an chúrsa bonnleibhéil agus spriocanna an chúrsa gnáthleibhéil an-éagsúil lena chéile agus is minic nach mbíonn ábhar an chúrsa gnáthleibhéil ró-ábhartha don scoláire atá ag tabhairt faoin mbonnleibhéal. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an éagsúlacht seo sa seomra ranga, go háirithe nuair a fhéachann scoláire atá ag tabhairt faoin ngnáthleibhéal ar an mbonnleibhéal mar chúrsa lena mbaineann gradam íseal in ionad féachaint ar an gcaoi a bhfuil sé ábhartha dó.<br>- I gcás gach grúpa, léiríodh tuairim láidir gur cheart an t-am agus an spás a chuirfí ar fáil a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na bunchoincheapa, go háirithe i gcás graif feidhme agus chun scileanna trasnaí amhail ionramháil a fhorbairt san ailgéabar.<br>- Ní mór go mbeadh an snáithe aontaitheach ábhartha do na snáitheanna comhthéacsúla agus tá tascanna ardchaighdeáin de dhíth chomh maith ionas go léireofar an chaoi a bhfuil topaicí agus snáitheanna fite fuaite lena chéile. |
| **Snáithe 3 plé maidir le cruth agus spás** | Dhréachtaigh an Mheitheal Forbartha smaointe maidir leis an snáithe seo agus cuireadh tuairimí gach grúpa isteach i scríbhinn |

| | |
|---|---|
| | chuig an bhfeidhmeannach le go bhféadfadh sé iad a chur i dtoll a chéile. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht<br>ghníomhach leis an gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú<br>ar an bplé agus ullmhóidh sé dréachtábhair don chéad chruinniú eile<br>Aontaíodh go reáchtálfaí cruinniú dúbailte ar an 26/27 Bealtaine.<br>**An Chéad Chruinniú Eile:** Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025, in oifigí CNCM, Port Laoise. |